2024/1473

24.5.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1473 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Feabhra 2024

lena gceartaítear an leagan Fraincise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le deimhniúchán agus dearbhú córas bainistíochta aerthrachta/seirbhísí aerloingseoireachta agus comhdhamhnaí bainistíochta aerthrachta/seirbhísí aerloingseoireachta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 47(1) agus 62(13),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Fraincise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768 ón gCoimisiún ([2]), tá an earráid chéanna, is é sin, téarma mícheart, in Airteagal 6(3), pointe (c), in Airteagal 7(1), pointe (c) agus in Airteagal 7(3), an frása réamhráiteach, an chéad abairt agus pointe (a). Déanann an earráid difear do shubstaint na bhforálacha sin.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Fraincise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1768 an 14 Iúil 2023 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le deimhniúchán agus dearbhú córas bainistíochta aerthrachta/seirbhísí aerloingseoireachta agus comhdhamhnaí bainistíochta aerthrachta/seirbhísí aerloingseoireachta (IO L 228, 15.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1768/oj).